Údarás na Gaeltachta

# Comhordaitheoir Togra - E6
# (Ecosystems for Extended-lifetime of End-of-Use Electrical and Electronic Equipment)

Interreg North-West Europe — Co-funded by the European Union

**Tá folúntas ag Údarás na Gaeltachta ar bhunús conradh sainchuspóra suas le 12 mí. Beidh an post lonnaithe i nGaeltacht Chonamara.**

I gcomhar le páirtnéirí eile Eorpacha, tá Údarás na Gaeltachta páirteach sa togra E6 (Ecosystems for Extended-lifetime of End-of-Use Electrical and Electronic Equipment), clár taighde i limistéar NWE chun forbairt a dhéanamh ar an eacnamaíocht chiorclach trí oideachas agus oiliúint a chur ar fáil maidir le deisiú agus athchúrsáil tháirgí leictreacha (bána agus donna).

**An Ról:**

Mar chuid d'fheidhmiú an togra seo, tá post á thairiscint mar Chomhordaitheoir Togra ar bhunús conartha sainchuspóra. Beidh an Comhordaitheoir Togra freagrach as comhordú a dhéanamh ar chlár oibre E6 atá le reáchtáil i nGaeltacht Chonamara agus a thacóidh le forbairt an gheilleagair ghlais.

**Dualgais:**

Beidh an té a cheapfar freagrach as cuidiú le cur i bhfeidhm an togra E6 trí chomhoibriú a chothú le geallshealbhóirí éagsúla ar mhaithe le forbairt an gheilleagair ghlais sa Ghaeltacht agus trí chuidiú le for bairt scileanna, acmhainní foghlama agus ábhar oiliúna.

**An Duine:**

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil na scileanna/tréithe/taithí seo a leanas acu:

- Líofacht i labhairt agus scríobh na Gaeilge agus an Bhéarla.
- Cáilíocht tríú leibhéal ábhartha
- Taithí oibre ábhartha 3 bliana, ar a laghad, tar éis na céime
- Tuiscint agus taithí ar chórais bainistíochta gnó nó riarachán poiblí
- Eolas / tuiscint ar an Gheilleagar Glas.
- Scileanna ábhartha taighde, anailíse agus réiteach tuairiscí
- Sárscileanna cumarsáide, comhordaithe agus idirphearsanta
- Ardscileanna eagrúcháin, ríomhaireachta agus riaracháin

Is post ar chonradh sainchuspóra é seo. Tá scála tuarastail ag grád Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin idir €60,029 - €76,546 ag dul leis an bpost seo. Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint go dtosófar ag an bpointe is ísle ar an scála tuarastail agus nach féidir é a phlé agus gur féidir go n-athrófar an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais.

Iarrtar ar iarratasóirí CV agus litir chumhdaigh as Gaeilge a sheoladh chuig foluntais@udaras.ie roimh **4:00 i.n. ar 07 Lúnasa 2026.**

*Is fostóir comhionannas é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.*